II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2021/515 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Márta 2021

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe I bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Comhlathas na hAstráile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018 thug an Chomhairle údarú don Choimisiún caibidlíocht a thosú de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 maidir le cionroinnt na gcuótaí rátaí taraife a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh an chaibidlíocht leis an Astráil i gcrích agus cuireadh inisealacha le Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Comhlathas na hAstráile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú") an 18 Nollaig 2020.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo thar ceann an Aontais an Comhaontú a shíniú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Comhlathas na hAstráile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin [1].

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh nuair a chuirtear i gcrích é.

Airteagal 2

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú a bhfuil sé de chumhacht acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES